Is mar chuid de shraith aonad a pléadh sa seimineár gréasáin, *Pleanáil don Teagasc, Foghlaim agus Measúnú: Cur Chuige Scoil Amháin,* a forbraíodh an t-aonad seo, a bhfuil taifeadadh de ar fáil ag: www.jct.ie/maths/planning_resources.

# Céad Bhlian

**Coincheap:** **Coibhneasa agus Athróga I**

Patrúin agus coibhneasa a iniúchadh trí Uimhreas, lena n-áirítear coibhneasa suimitheacha agus iolracha agus airíonna Uimhris

**Comhthéacs an Scoláire:** Scoláirí an Chead Bhliain

**Torthaí Foghlama:** U2(c), U4, AF1 (a), (b), (c), AF4 (a), AF7

Torthaí Foghlama ón snáithe Aontaitheach agus is é an múinteoir ranga a chinnfidh orthu.

**Príomhfhoghlaim:**

- Ba cheart do scoláirí coibhneasa suimitheacha, iolracha agus comhréireacha (ina measc uimhreacha cóimheasta) a thuiscint agus a bheith ábalta a aithint eatarthu
- Ba chóir go bhféadfadh scoláirí a aithint idir comparáidí coibhneasta agus dearbha
- Déanann scoláirí anailís agus léirmhíniú ar fhadhbanna ina bhfuil patrúin, lena n-áirítear a bheith ábalta:
    - Patrún a fhorbairt agus a ionramháil chun a phríomhghnéithe a nochtadh agus a shainaithint
- Úsáideann scoláirí táblaí, graif agus focail mar uirlisí matamaitice chun patrún, fadhb nó gaol a léiriú ar bhealaí difriúla agus chun a thuiscint:
    - gur féidir le gach léiriú gnéithe d'fhadhb, patrún nó gaol a nochtadh nach nochtann na cinn eile
    - gur féidir léirithe difriúla a úsáid I gcomhar lena chéile.
- Ba cheart do scoláirí foghlaim faoi oibríochtaí inbhéartacha agus faoi airíonna cómhalartacha, dáileacha agus comhthiomsaitheacha san Uimhreas
- Forbraíonn scoláirí a dtuiscint ar athróg trí litreacha a úsáid mar anaithnidí i gcomhthéacsanna éagsúla faidhbe lena n-áirítear roinnt comhthéacsanna ó bhfíorshaol

**Measúnú Leanúnach**

- An féidir le scoláirí fadhbanna a fhuascailt ag úsáid léirithe cuí / iolracha mar is gá?
- An féidir le scoláirí airíonna an Uimhris a úsáid chun fadhbanna uimhris a ionramháil agus a fhuascailt?
- An féidir le scoláirí a aithint idir comparáidí coibhneasta agus dearbha
- An féidir le scoláirí patrúin a aithint i gcomhthéacs faidhbe (cinn ón bhfíorshaol ina measc) agus a aithint cad é atá buan agus cad é a athraíonn

**Eispéireas Foghlama**

- Ciúbanna Unifix
- Fadhb Lus na Gréine (www.projectmaths.ie – Teacher Resource Booklet Workshop 4)

**Notaí/Machnamh**

ETSS Wicklow